Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 30

# Talmhaíocht, Bia agus Mara

## Réamhrá

Tá dualgais orm i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 30 cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

De réir an cheanglais sin, tá an cuntas iniata ullmhaithe agam i leith an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 ar thuarastail agus ar chostais in Oifig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus maidir le Coimisiún Talún na hÉireann agus deontais, fóirdheontais agus deontais eile a íoc, agus maidir le deontais áirithe a íoc faoi scéimeanna airgead teoranta agus feabhsú Inis Sionnach.

Déantar comparáid idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna

(a) a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2016, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasuithe-i-gcabhair, agus

(b) a cuireadh ar fáil do sheirbhísí soláthair chaipitil in 2016 as leithreasuithe 2015 nár caitheadh, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bhunaigh Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Tá farasbarr €231 milliún dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

Faoi I.R. Uimh. 636 Rialacháin an Achta um Choimisiún na Talún (Lánscor), a bhfuil feidhm léi ó 1 Eanáir 2016 ar aghaidh, aistrítear gach sócmhainn agus dliteanas de chuid Choimisiún na Talún chuig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus tuairiscítear iad i Vóta na Roinne ón dáta sin ar aghaidh.

## Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus prionsabail chuntasaíochta caighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a réiteach i bhfeidhm agus an Cuntas a ullmhú, ach amháin maidir leis na nithe seo a leanas

***Sócmhainní caipitiúla***

Tá sceideal faoin talamh agus faoi na foirgnimh ar fad a riartar ag an Roinn iarcheangailte leis an gcuntas. De bharr nach bhfuil luachálacha don mhaoin sin go léir ar fáil, áfach, níl siad san áireamh sa ráiteas ar shócmhainní caipitiúla:

***Dímheas***

Déantar bogearraí Chóras Chomhtháite Bainistíochta Foraoiseachta (CCBF) a dhímheas ag 20%.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgais agus córas tarmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe go bhfuil

- Córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach.
- Athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán.
- Córas bainistithe riosca i bhfeidhm taobh istigh den Roinn.
- Córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras ICT a chinntiú.
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, chomh maith le rialacha foirmiúla um bhainistiú tionscadail.
- Cinntíonn an Roinn go gcuirtear fócas iomchuí ar an dea-chleachtas agus ceannaigh á ndéanamh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad a chinntiú. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte náisiúnta agus Rialacháin an AE seachas seacht gconradh is ochtó (87) ar luach €15.31 milliún. Cuireadh na conarthaí seo san áireamh i dtuairisceán Chiorclán 40/2002 ós rud é go bhfuil siad os cionn na tairsí tuairisceoireachta, €25,000, agus gur bronnadh iad gan phróiseas iomaíoch, mar seo a leanas:

    - Baineann 13 chonradh ar luach €3,179,542 le táillí ceadúnais/bogearraí.
    - Baineann 21 chonradh ar luach €4,901,125 le seirbhísí atá riachtanach chun cloí le polasaí na Roinne maidir le sábháilteacht bhia agus leas ainmhithe agus mar nach raibh sé indéanta tabhairt faoi phróiseas iomaíoch.
    - Baineann 31 chonradh ar luach €3,016,913 le soláthróirí aonair oiriúnacha (soláthair shaotharlainne agus tomhaltáin den chuid is mó). Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an gcaiteachas seo agus déanfaidh an Roinn iarracht bheith ag ceannach, sa mhéid gur féidir léi, ó chreatlacha de chuid na Seirbhíse um Sholáthar Oideachais (SSO) atá i bhfeidhm.
    - Tá an Roinn i mbun pléite leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) agus le SSO maidir le 4 chonradh ar luach €188,574 agus é i gceist tarraingt anuas ó chreatlacha atá i bhfeidhm cheana, sin nó comórtais shaincheaptha a thionscnamh.
    - Tá na 18 gconradh eile ar luach €4,018,857 comhlíontach anois, sin nó tá athbhreithniú á dhéanamh orthu agus é i gceist comhlíontacht a bhaint amach.

Is é polasaí na Roinne seo leas a bhaint as gach creatlach atá ar fáil go lárnach a luaithe is a thosaíonn siad ag feidhmiú agus teagmháil a dhéanamh le OSR/SSO nuair a bhíonn riachtanais níos sonraí againn. Fanfaidh rialuithe i bhfeidhm chun comhlíontacht na straitéise seo a chinntiú.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

***Athbhreithniú ar bhainistiú agus ar rialú airgeadais***

Tá roinnt bealaí ag an Roinn le hathbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar a córas rialaithe agus bainistíochta airgeadais ar bhonn leanúnach. Áirítear orthu sin a Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a Coiste Iniúchta agus a Córas Bainistithe Riosca.

Déanann an Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a bhfuilim i mo chathaoirleach air, athbhreithniú ar thorthaí iniúchta AE agus déanann monatóireacht ar an dul chun cinn atáthar a dhéanamh maidir le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna rialaithe aitheanta agus maidir le ceanglais creidiúnaithe atá leagtha síos faoi rialachán a bhaineann le gníomhaireachtaí íocaíochta an AE a chomhlíonadh.

Bíonn an Roinn faoi réir raon iniúchtaí ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ag an Aonad Iniúchta Inmheánaigh, ag Cúirt Iniúchóirí an AE, ag Coimisiún an AE agus ag comhlacht deimhniúcháin neamhspleách - cuideachta cuntasaíochta ghairmiúil - a dheimhníonn na cuntais bhliantúla EAGF and EAFRD. Bhí an Roinn faoi réir thart ar 2,188 lá iniúchta ag na comhlachtaí sin in 2016. Chuir mé dearbhú bainistíochta ar fáil don chomhlacht deimhnithe maidir le cuntais bhliantúla AE mar a éilítear le Rialachán 1360/2013 ón gComhairle.

***Slándáil TEC***

Tá an Roinn tiomanta go láidir do shlándáil a córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide. Déantar athbhreithniú neamhspleách ar na córais seo ar bhonn rialta. Tá nósanna imeachta aisghabhála/cúltaca doiciméadaithe i bhfeidhm do na sonraí ríthábhachta go léir, lena n-áirítear seirbhísí stórála as an láthair agus saoráidí aisghabhála i gcás tubaiste. Tá Aonad Slándála TF tiomanta ag an Roinn agus tá sí forghníomhach i bhforbairt agus cur chun cinn polasaithe slándála TF. Bíonn socruithe slándála ICT faoi réir ag athbhreithniú ó rannóg iniúchta TF an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh. Chomh maith leis sin bíonn an Roinn faoi réir ag iniúchadh creidiúnaithe bliantúil, lena n-áirítear athbhreithniú ar bhainistíocht riosca ríomhaireachta, ina cáil mar ghníomhaire íocaíochta thar ceann an Aontais EorpaighI 2016 bhain an Roinn creidiúnú amach faoin gcaighdeán idirnáisiúnta ISO 27001: Cód Cleachtais um Bainistiú Slándála Faisnéise a ghlacadh mar bhunús dá slándáil TF. Mar chuid den phróiseas deimhniúcháin seo, tá an Roinn faoi réir ag iniúchtaí leathbhliantúla chun comhlíontacht leantach Chaighdeán Slándála Faisnéise ISO27001:2013 a chinntiú.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam ó thaobh cheanglais an chomhaontaithe bhainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna a sholáthar.

Braithim ar litir ráthaíochta ó Oifigeach Cuntasaíochta Vóta na Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte chuig an Oifig seo.

**Aidan O'Driscoll**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Talmhaíochta,Bia agus Mara

27 Meán Fómhair 2017

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaiodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2016.

**Seamus MacCárthaigh**
Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meán Fomhair 2017

# Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara

## Cuntas Leithreasa 2016

| | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Trádáil, forbairt agus polasaí agraibhia | | | | |
| | *Bunaidh* | 450,815 | | | |
| | *Forlíontach* | 9,090 | 459,905 | 452,559 | 387,177 |
| B | Sábháilteacht bia, sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte plandaí | | | | |
| | *Bunaidh* | 217,967 | | | |
| | *Forlíontach* | (10,654) | 207,313 | 203,130 | 196,355 |
| C | Athruithe geilleagair thuaithe, comhshaoil agus struchtúrtha | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 435,717 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 12,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (7,372) | 440,345 | 343,276 | 355,045 |
| D | Íocaíochtaí díreacha | | | | |
| | *Bunaidh* | 246,602 | | | |
| | *Forlíontach* | 8,937 | | | |
| | | | 255,539 | 258,047 | 326,063 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 1,351,101 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 12,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | **1,363,102** | **1,257,012** | **1,264,640** |
| *Asbhain* | | | | | |
| E | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **306,441** | **453,147** | **438,683** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 1,044,660 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 12,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **1,056,661** | **803,865** | **825,957** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr don bhliain | 252,795,648 | 68,622,477 |
| Géilleadh iarchurtha | (21,700,000) | (12,000,000) |
| Farasbarr le tabhairt suas | 231,095,648 | 56,622,477 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | | | **2016** | | **2015** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 172,902 | | | |
| | | *Forlíontach* | (13,500) | 159,402 | 159,158 | 165,980 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | 6,910 | 6,889 | 6,971 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | | 4,423 | 4,521 | 5,448 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | 4,553 | 4,195 | 4,553 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 28,405 | | | |
| | | *Forlíontach* | (426) | 27,979 | 24,642 | 24,590 |
| vi | Costais áitreabh oifige | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 6,870 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,000) | 5,870 | 5,529 | 6,112 |
| vii | Seirbhísí comhairleachta agus athbhreithniú luach airgid agus polasaithe | | | 42 | 196 | 108 |
| viii | Bearta forlíontacha chun leasa airgeadais an AE a chosaint | | | 1,052 | 634 | 597 |
| ix | Seirbhísí saotharlainne | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 8,820 | | | |
| | | *Forlíontach* | 426 | 9,246 | 10,428 | 5,733 |
| | | | | 219,477 | 216,192 | 220,092 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2016

| | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 1,040,820 | 1,044,548 |
| Pá | | 159,158 | 165,980 |
| Neamhphá | | 57,034 | 54,112 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,257,012** | **1,264,640** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | 453,147 | 438,683 |
| **Glanchaiteachas** | | **803,865** | **825,957** |
| **Athraithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Cheannach (airgead tirim) | (3,074) | | |
| Dímheas | 4,918 | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairtí | (81) | 1,763 | (213) |
| **Athraithe ar shócmhainní arna bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí Airgid Thirim | | (171) | — |
| **Athraithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Meadú ar fhabhraithe deiridh | 10,368 | | |
| Laghdú ar stoc | 770 | | |
| | | 11,138 | 46,986 |
| **Caiteachas díreach** | | **816,595** | **872,730** |
| **Caiteachas iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 64,371 | 67,099 |
| Measchíosanna | | 7,400 | 7,200 |
| **Costas glan clár** | | **888,366** | **947,029** |

### 1.1 Caiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas i ndáil le Vóta 30 a iompraíodh in áit eile.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 1 | 59 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 60,368 | 61,889 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,648 | 4,850 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Seirbhís Roinnte | 54 | — |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí | 300 | 301 |
| | 64,371 | 67,099 |

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 11,434 | 13,197 |
| **Sócmhainní caipitil arna bhforbairt** | 2.3 | 171 | — |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 60,413 | 34,296 |
| Stoic | 2.5 | 1,733 | 2,503 |
| Réamhíocaíochtaí | | 21,783 | 2,196 |
| Ioncam fabhraithe: | | | |
| Maoiniú EAFRD dlite ón AE | | 103,690 | 129,983 |
| Méideanna eile dlite ón AE | | 550 | 515 |
| Ró-íocaíochtaí scéime | 6.3 | 2,556 | 3,254 |
| Dlite le haghaidh seirbhísí | | 7,544 | 8,724 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 1,325 | 2,498 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **199,594** | **183,969** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 5,995 | 4,176 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.7 | 40,373 | 21,228 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 21,365 | 15,566 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **67,733** | **40,970** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **131,861** | **142,999** |
| **Glansócmhainní** | | **143,466** | **156,196** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **143,466** | **156,196** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | **€000** | **2016**<br>**€000** | **2015**<br>**€000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 156,196 | 202,969 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 1,056,661 | | |
| Géilleadh iarchurtha | | (21,700) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (231,096) | | |
| Vóta glan | | | 803,865 | 825,957 |
| Caiteachas (airgead tirim) iompraíodh in áit eile | 1 | | 64,371 | 67,099 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 7,400 | 7,200 |
| Costas glan clár | 1 | | (888,366) | (947,029) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **143,466** | **156,196** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh oifige/ fearais eile | Troscán agus feistin | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2016 | 231,025 | 14,131 | 245,156 |
| Breiseanna | 3,001 | 158 | 3,159 |
| Diúscairtí | (1,567) | — | (1,567) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2016 | 232,459 | 14,289 | 246,748 |
| **Dímheas Carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2016 | 218,520 | 13,439 | 231,959 |
| Dímheas don bhliain | 4,667 | 251 | 4,918 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (1,563) | — | (1,563) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2016 | 221,624 | 13,690 | 235,314 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2016** | **10,835** | **599** | **11,434** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2015** | **12,505** | **692** | **13,197** |

Ní áirítear talamh agus foirgnimh sa ráiteas thuas. Tá liosta talún agus foirgneamh atá á riar ag an Roinn iarcheangailte leis an gcuntas.

**2.3 Sócmhainní Caipitil arna bhforbairt**

| amhail an 31 Nollaig | 2016 |
|---|---|
| | €000 |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir | — |
| Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain | 171 |
| Aistrithe chuig clár sócmhainní | — |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig | 171 |

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta | 58,697 | 32,950 |
| Iarmhéideanna bainc Tráchtála | 1,788 | 1,427 |
| Orduithe gan íoc | (72) | (81) |
| | 60,413 | 34,296 |

| **2.5 Stoic** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Soláthairtí saotharlainne agus ceimiceáin | 434 | 453 |
| Soláthairtí stáiseanóireachta | 129 | 111 |
| Soláthairtí ríomhaireachta | 47 | 44 |
| Soláthairtí tréidliachta | 683 | 1,427 |
| Beostoc | 313 | 324 |
| Stoc talmhaíochta | 85 | 99 |
| Soláthairtí glantacháin | 14 | 20 |
| Stoic ola | 28 | 25 |
| | 1,733 | 2,503 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Óinchistí agus costais infhorchúitithe taistil | 152 | 143 |
| Aiscí agus cnapshuimeanna scoir infhorchúitithe na Roinne Airgeadais | 5 | 1 |
| Airleacain chuig OOP | 594 | 1,124 |
| Dlite ó údaráis áitiúla maidir le forbairt chuain | 66 | 66 |
| Réamhíocaíochtaí tuarastail ón Státchiste | — | 428 |
| Sonraí mairteola agus scéim ghéanómaíochta | 30 | — |
| Eile | 478 | 736 |
| | 1,325 | 2,498 |

| **2.7 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 2,878 | — |
| Árachas Sóisialach Pá- Choibhneasta | 1,548 | — |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Seirbhísí Gairmiúla | 1,104 | 943 |
| Cáin Bhreisluacha | 346 | 1,023 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 0 | 24 |
| Aoisliúntas | 13 | 17 |
| CBL ar Dhíolacháin | 282 | 258 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 27 | 12 |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | 774 | — |
| Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste | — | 206 |
| | 6,972 | 2,483 |
| Urrúis | 156 | 302 |
| Díolacháin/ tobhaigh chuóta bainne | 550 | 550 |
| Táillí ceadúnaithe lotnaidicídí | 715 | 734 |
| Airleacain AE | 14,733 | 9,386 |
| An Roinn Ealaíona, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta | 13,759 | — |
| Clár Sonraí Mairteola & Géanómaíochta | — | 3,828 |
| Ilghnéitheach | 3,488 | 3,945 |
| | 40,373 | 21,228 |

**2.8 Glandliteanas don Státchiste**

| amhail an 31 Nollaig | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le tabhairt suas | 231,096 | 56,622 |
| Géilleadh iarchurtha | 21,700 | 12,000 |
| Deontas ón státchiste nár tarraingíodh | (231,431) | (53,056) |
| Glandliteanas don Státchiste | 21,365 | 15,566 |

**Arna léiriú le:**

| | | |
|---|---|---|
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 60,413 | 34,296 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 1,325 | 2,498 |
| | 61,738 | 36,794 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (6,972) | (2,483) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (33,401) | (18,745) |
| | (40,373) | (21,228) |
| | 21,365 | 15,566 |

**2.9 Tiomantais**

| amhail an 31 Nollaig | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **a) Tiomantais Dhomhanda** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 32,401 | 25,615 |
| Cláir dheontais | 1,444,303 | 1,350,015 |
| Cláir dheontais caipitil | 732,188 | 706,528 |
| Iomlán na dtiomantas infheidhmithe le dlí | **2,208,892** | **2,082,158** |

| | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| **b) Deontais soláthair agus neamhchaipitil** | **Dlite i 2017** | **Blianta ina dhiaidh sin** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Soláthar earraí agus seirbhísí** | 20,452 | 11,949 | 32,401 | 25,615 |
| **Deontais neamhchaipitil** | | | | |
| Taighde bia | 11,195 | 53,496 | 64,691 | 51,944 |
| Deontais don earnáil orgánach | 13,566 | 40,000 | 53,566 | 55,481 |
| Scéim Luathscoir | 2,573 | 1,097 | 3,670 | 10,693 |
| An Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe | 390 | — | 390 | 2,382 |
| An Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta | 20,674 | 6,600 | 27,274 | 79,915 |
| An Clár um Ghéanómaíocht Sonraí Mairteola | 47,000 | 143,640 | 190,640 | 238,000 |
| Sláinte Ainmhithe Éireann | 750 | — | 750 | 1,000 |
| Luacháil Mhargaidh ar an bhFeirm | — | — | | 180 |
| An Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta | 262,347 | 765,975 | 1,028,322 | 910,420 |
| Aistriú Eolais | 25,000 | 50,000 | 75,000 | — |
| Iomlán na dtiomantas infheidhmithe le dlí | **403,947** | **1,072,757** | **1,476,704** | **1,375,630** |

| **c) Cláir dheontais caipitil** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 706,528 | 776,742 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (113,343) | (133,886) |
| Tiomantais dheontais nua | 160,011 | 83,570 |
| Dídhílsithe deontais | (20,478) | (19,898) |
| Iarmhéid deiridh | **732,188** | **706,528** |

| | | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | **Dlite i 2017** | **Blianta ina dhiaidh sin** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **d) Cláir dheontais chaipitil** | | | | |
| Deontais infheistíochta caipitil | 4,121 | — | 4,121 | 10,523 |
| Foraoisiú | 96,163 | 544,919 | 641,082 | 683,685 |
| Scéim Feabhais Feirme | 50,800 | 30,821 | 81,621 | 11,556 |
| Scéim Ghairneoireachta | 894 | — | 894 | 764 |
| Clár athfhorbartha Chaisleáin Bhaile Sheáin | 1,500 | 2,970 | 4,470 | —- |
| Iomlán na dtiomantas infheidhmithe le dlí | **153,478** | **578,710** | **732,188** | **706,528** |

**Athraithe suntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos nuair a mhéadaigh/(laghdaigh) ceangaltais ilbhliantúla faoi níos mó ná €500,000 ó 2015 go 2016.

| **Cur síos** | **Méid méadú/(laghdú) €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Deontais infheistíochta caipitil | (6,402) | Tharla an méadú ó thaobh ceangaltas de mar gheall ar thabhairt chun críche tionscadal i 2016 a rinneadh níos tapúla ná mar a tuaradh, chomh maith le roinnt tionscadal nach ndeachthas ar aghaidh leo. |
| Foraoisiú | (42,603) | Tá an clár Foraoisithe faoi réir ag éileamh agus is é is cúis leis an easnamh nó leis an méadú air ná gur féidir le hIarratasóirí foirmeacha iarratais a sheoladh isteach le haghaidh íocaíochta ag am ar bith le linn a gconartha(í). Lena chois sin, tograíonn roinnt iarratasóirí ligean dá bpréimheanna cruinniú bliain i ndiaidh bliana agus ansin déanann éileamh ar phréimheanna blianta go leor le chéile. |
| Scéim Feabhais Feirme | 70,065 | Tá athraitheas sna figiúirí a bhaineann le 2015 agus 2016 toisc gur tugadh isteach bearta Scéimeanna Dírithe Nuachóirithe Thalmhaíochta (TAMS) II i rith 2016. Táimid tiomanta €395 milliún a chaitheamh ar na scéimeanna seo le linn do Chlár 2014-2020 a bheith ann. Tá tiomantais na mblianta 2017-19 faoi réir ag an líon iarratas atá faighte, ceadaithe agus tiomantas tugtha faoina gcomhair. Déantar iarratais a mheas agus a cheadú ar bhonn rialta de réir mar a bhíonn sciartha ráithe ag druidim chun deiridh. |
| Clár athfhorbartha Chaisleáin Bhaile Sheáin | 4,470 | Ceangaltas nua maidir le hobair fhorbartha ag Caisleán Bhaile Sheáin. |

## 3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

| | | | | 2016 | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Trádáil, Forbairt agus Polasaí Agraibhia** | | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 17,012 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,329) | 15,683 | 15,660 | 16,331 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 4,440 | | | |
| | | *Forlíontach* | (81) | 4,359 | 4,054 | 4,666 |
| A.3 | Taighde agus oiliúint | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 31,243 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,000) | 30,243 | 30,203 | 24,561 |
| A.4 | Forbairt talmhaíochta agus bia | | | 8,720 | 5,644 | 9,850 |
| A.5 | Teagasc - speansais ghinearálta | | | 116,280 | 116,280 | 111,139 |
| A.6 | An Bord Bia - speansais ghinearálta | | | 32,492 | 32,569 | 30,836 |
| A.7 | Foras na Mara | | | 29,309 | 29,094 | 26,301 |
| A.8 | Bord Iascaigh Mhara | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 39,680 | | | |
| | | *Forlíontach* | (8,500) | 31,180 | 23,104 | 19,016 |
| A.9 | Deonacháin chabhair bia - An Clár Domhanda Bia | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 20,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 20,000 | 40,000 | 40,000 | 20,000 |
| A.10 | Seirbhísí eile | | | 24,139 | 18,575 | 21,056 |
| A.11 | An Ciste Rásaíochta Capall agus Cúnna | | | 74,000 | 74,000 | 68,000 |
| A.12 | Scéim um Ghéanómaíocht Mhairteola | | | 52,000 | 61,896 | 34,692 |
| A.13 | Ciste Forbartha agus Nuálaíochta Tuaithe CEDRA | | | 1,500 | 1,480 | 729 |
| | | | | **459,905** | **452,559** | **387,177** |

**Athraithe suntasacha**

San iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gClár A €3.48 millún mór ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riaracháin-pá | 1,352 | Tharla coigilteas ós rud é nach ndearnadh oiread dul chun cinn leis an earcú beartaithe agus a bhíothas ag súil leis. |
| Riaracháin-neamhphá | 386 | Tharla coigilteas ós rud é nach ndeachaigh na costais i méid oiread agus a bhíothas ag súil leis. |
| Taighde agus oiliúint | 1,040 | D´eascair coigilteas ós rud é nach ndearnadh oiread dul chun cinn le tionscadail faoi na Cistí Spreagtha Thaighde agus a bhíothas ag súil leis. Is gnách go maireann a leithéid de thionscadail 3 go 5 bliana agus bíonn íocaíochtaí ag brath ar dhul chun cinn sásúil i dtaca leis na tionscadail. |
| Forbairt Talmhaíochta agus Bia | 3,076 | Is féidir le dul chun cinn ar na mórthionscadai ilbhliantúla infheistíochta caipitil seo a bheith éagsúil, ag brath ar dhálaí margaidh. Ní rabhthas ag súil an oiread sin le héilimh a fuarthas. Tógfaidh sé níos mó ama tionscadail a chríochnú ná mar a measadh. |
| Bord Iascaigh Mhara | 16,576 | Laghdaíodh an bunleithdháileadh buiséid ar luach €39.68 milliún faoi €8.5 milliún sa mheastachán forlíontach. Baineann an gannchaitheamh le scéimeanna éagsúla, áit ar cuireadh tús le tarraingt anuas níos deireanaí ná mar a measadh, nó áit nach rabhthas ag súil léi an oiread sin e.g. níor seoladh an Scéim Inmharthana Iascaigh go dtí Deireadh Fómhair 2016, a raibh gannchaitheamh mar thoradh uirthi. Ní dheachthas ar aghaidh le scéimeanna áirithe, a beartaíodh ar dtús le haghaidh 2016. |
| Tabhartais chúnaimh bhia – an Clár Domhanda Bia | (20,000) | Méadaíodh an bunleithdháileadh buiséid faoi €20m sa mheastachán forlíontach mar gheall ar íocaíocht luath ranníocaíocht 2017 na hÉireann don Chlár Domhanda Bia ó tharla gurb ann do chásanna leanúnacha éigeandála. |
| Seirbhísí eile | 5,564 | Iarchuireadh €1.7 milliún ós rud é nach ndearnadh oiread dul chun cinn leis an gclár athfhorbartha ag Caisleán Bhaile Sheáin agus a bhí beartaithe i 2016. Tharla coigilteas freisin ós rud é gur socraíodh níos lú cásanna dlí ná mar a bhíothas ag súil leis le linn na bliana. D´eascair coigilteas freisin ós rud é nár tugadh chun críche scéim do tháirgeoirí bia speisialtachta i 2016. |
| Scéim Sonraí Mairteola agus Géanómaíochta | (9,896) | Is féidir an t-athraitheas a mhíniú le tabhairt anonn dliteanas go 2016 ó bhliain scéime 2015 ós rud é gur bhain rannpháirtithe an Chláir um Shonraí agus um Ghéanómaíocht na Mairteola (CSGM) comhlíonadh amach, mar aon le leibhéal ard comhlíonta rannpháirtithe BDGP sa bhliain scéime 2016. |

| | | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Suim soláthraithe sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Sábháilteacht Bia, Sláinte agus Leas Ainmhithe agus Sláinte Plandaí** | | | | | |
| B.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 97,096 | | | |
| | | *Forlíontach* | (7,580) | 89,516 | 89,378 | 93,209 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 37,780 | | | |
| | | *Forlíontach* | (574) | 37,206 | 36,108 | 30,860 |
| B.3 | Sábháilteacht bia (agus sláinte poiblí), sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte plandaí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 83,091 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,500) | 80,591 | 77,644 | 72,286 |
| | | | | **207,313** | **203,130** | **196,355** |

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an t-ollchaiteachas maidir le Clár B €4.18 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riaracháin-pá | 7,718 | Tharla coigilteas ós rud é nach ndearnadh oiread dul chun cinn leis an earcú beartaithe agus a bhíothas ag súil leis. |
| Riaracháin-neamhphá | 1,672 | Tharla coigilteas ós rud é nach ndeachaigh na costais i méid oiread agus a bhíothas ag súil leis. |
| Sábháilteacht Bia (agus sláinte phoiblí), sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte plandaí | 5,447 | Tharla coigilteas mar gheall ar laghdú i gcásanna eitinne. |

| | | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim soláthraithe sa mheastachán | Toradh | | Toradh |
| | | | €000 | €000 | | €000 |
| **C** | **Eacnamaíocht agus Timpeallacht na Tuaithe** | | | | | |
| C.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | *Bunaidh* | 35,559 | | | | |
| | *Forlíontach* | (2,777) | 32,782 | 32,732 | | 34,135 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | *Bunaidh* | 9,936 | | | | |
| | *Forlíontach* | (181) | 9,755 | 8,894 | | 9,962 |
| C.3 | Scéim imshaol talmhaíocht | | | | | |
| | *Bunaidh* | 196,244 | | | | |
| | *Forlíontach* | (2,500) | 193,744 | 148,326 | | 131,232 |
| C.4 | Soghluaiseacht talún (scéimeanna luathscoir/cabhair suiteála) | | | | | |
| | *Bunaidh* | 5,016 | | | | |
| | *Forlíontach* | (414) | 4,602 | 4,406 | | 7,143 |
| C.5 | Forbairt talmhaíochta agus bia | | 42,547 | 12,729 | | 30,616 |
| C.6 | Foraoiseacht agus bithfhuinneamh | | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 101,804 | | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 12,000 | 113,804 | 103,802 | | 104,145 |
| C.7 | Iascaigh | | | | | |
| | *Bunaidh* | 22,285 | | | | |
| | *Forlíontach* | (1,500) | 20,785 | 18,997 | | 23,095 |
| C.8 | An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara | | 12,460 | 10,016 | | 10,580 |
| C.9 | Seirbhísí eile | | 1,866 | 1,112 | | 465 |
| C.10 | Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach | | 8,000 | 2,262 | | 3,672 |
| | | | **440,345** | **343,276** | | **355,045** |

**Athraithe suntasacha**

San iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gClár C €88.57 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – pá | 2,827 | Tharla coigilteas ós rud é nach ndearnadh oiread dul chun cinn leis an earcú beartaithe agus a bhíothas ag súil leis. |
| Riarachán - neamhphá | 1,042 | Tharla coigilteas ós rud é nach ndeachaigh na costais i méid oiread agus a bhíothas ag súil leis. |

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Scéimeanna Comhshaoil Talmhaíochta | 47,918 | D´eascair coigilteas mar seo a leanas:<br>Tharla coigilteas ar luach €40m ós rud é gurbh é luach bhuiséad measta oiliúna GLAS ná €4.8 milliún ach níor cuireadh an scéim oiliúna i bhfeidhm de réir mar a bhí beartaithe agus ní bheidh sí ag feidhmiú go 2017. Ba í 2016 an chéad bhliain iomlán ina raibh íocaíocht dlite do na 38,000 iarrthóir faofa. Bhí an meastachán do gach iarrthóir bunaithe ar mheánchonradh bliantúil ar luach €4,600 ach ba é an luach iarbhír conartha ná €4,200, rud a raibh de thoradh air coigilteas ar luach €15.2m. Níor éirigh ach le 74% de na hiarratais ar fad sna seiceálacha rialála, sin níos lú ná an sprioc de 85%; próiseáladh, mar sin de, níos lú réamhíocaíochtaí 2016 ná mar a measadh, rud a raibh de thoradh air coigilteas ar luach €15.3m. Ba é luach bhuiséad measta GLAS + ná €4.7m ach ní raibh na córais TF i bhfeidhm chun na híocaíochtaí seo a dhéanamh i 2016.<br>Bhí coigilteas €8m ann faoin Scéim Comhshaoil Talmhaíochta mar gur aistrigh níos mó iarratasóirí go GLAS ná a bhíothas ag súil leis. Lena chois sin, d'fhág dianseiceálacha riaracháin a rinneadh sula ndearnadh an íocaíocht dheireanach nár ceadaíodh 2,600 éileamh chun íocaíochta ag deireadh na bliana. |
| Scéimeanna rochtana talún (scéimeanna luathscoir/cúnaimh suiteála) | 610 | Léiríonn an coigilteas go bhfuil laghdú ar líon na ndaoine a fhaigheann ERS de réir mar a thugtar an scéim chun críche. |
| Forbairt Talmhaíochta agus Bia | 29,818 | €35.8m an méid a cuireadh ar leataobh le haghaidh TAMS in 2016. Níor caitheadh an méid seo ina iomláine toisc go raibh leibhéal ísle éileamh ar íocaíochtaí ann i leith 11 iarratas TAMS, a ceadaíodh chun oibreacha infheistíochta. Tá trí bliana ag iarratasóirí ón dáta ceadaithe amach chun a gcuid oibreacha infheistíochta a thabhairt chun críche agus éileamh ar íocaíocht a fhágáil isteach.<br>Iarchuireadh €15.5 milliún ós rud é go raibh caiteachas TAMS níos ísle ná mar a tuaradh i 2016 ós rud é nach bhfuarthas éilimh íocaíochta chomh luath agus a bhí beartaithe ó na níos mó ná 4,000 feirmeoir a faomhadh cheana féin chun oibreacha a chur i gcrích ar a ngabhháltas. |
| Foraoiseacht agus bithfhuinneamh | 10,002 | Ba é luach an bhunbhuiséid ná €113.8 milliún lena n-áirítear luach €12 milliún de ghéilleadh iarchurtha ó 2015.<br>D´eascair tearc-chaitheamh ar luach €4.5 milliún ar an scéim fhoraoisithe mar gheall go príomha ar phréimheanna neamhíoctha. Seo a leanas na cúiseanna a bhaineann leo siúd: 1) iomadú dliteanas préimheanna – iarrthóirí nach gcuireann iarratas isteach ar líne, a dteipeann orthu iarratas a chur isteach nó a ndiúltaíonn an Roinn dá n-iarratas, 2) spadántacht ag daoine aonair maidir le himréiteach cánach nó droch-chaighdeán i dtaca le bunú foraoise agus 3) daoine a shocraíonn ligean dá gcuid préimheanna iomadú chun bulcéileamh a dhéanamh níos faide anonn.<br>Tharla tearc-chaitheamh ar luach €5.2 milliún do scéimeanna tacaíochta foraoiseachta mar gheall ar laghdú i líon na n-iarratas do scéim na mbóithre, mar gheall ar cheisteanna leanúnacha i dtaca le cead pleanála, agus freisin ós rud é nár tharla na híocaíochtaí maidir le scéim ´Windblow´ a rabhthas ag súil leo i 2016 agus táthar ag súil leo i 2017. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Iascach | 3,288 | Bhí an buiséad athraitheach de bharr moill a bheith ann tús a chur le tionscadail EMFF a chomhordaigh an SFPA. Ba cheart do na costais a bheith ann in 2017.<br><br>D´eascair coigilteas ar luach €750,000 faoin Scéim um Bhithéagsúlacht Mhuirí mar gheall ar chur i bhfeidhm tionscadal áirithe a tharla níos déanaí ná mar a bhíothas ag súil leis, go háirithe suirbhéireacht ghnáthóg sceire easchósta, a d´éiligh go mbeadh socruithe áirithe lóistíochtúla i bhfeidhm. Ina áit sin tarlóidh tionscadail iarchurtha i 2017 agus i mblianta ina dhiaidh sin.<br><br>Ina theannta sin d´eascair coigilteas ar luach €750,000 ós rud é nár tharla caiteachas ionchais ar chóras nua TF chun riachtanais tuairisceoireachta an AE a chomhlíonadh faoi CEMI, mar gur shocraigh an Roinn an seanchóras TF a uasghrádú ag costas níos ísle, agus cuireadh infheistíocht ionchais CEMI ag ÚCIM maidir le rialú agus forfheidhmiú siar go blianta níos déanaí an chláir mar gheall ar easpa acmhainní bainistíochta tionscadail. |
| Údaráis Chosanta Iascaigh Mhara | 2,444 | Ba é ba mhó ba chúis leis na gcoigilteas anseo ná moill leanúnach a bheith ar thionscadal cóiríochta Chaisleán Bhéarra agus ar chead a fháil do mhalairt cóiríochta. |
| Seirbhísí eile | 754 | Bhí an buiséad fhotheidil seo athraitheach de bharr nach ndeachthas ar aghaidh le tionscnamh Oiliúna Mara. Tionscnamh aon uaire a bhí ann nach raibh dul chun cinn déanta maidir leis faoi dheireadh na bliana ós rud é go ndearnadh tosaíocht de ghnó eile. |
| Tionscadal feabhais Inis Sionnach | 5,738 | Iarchuireadh €4.5 milliún ós rud é nár cuireadh tús leis na príomhoibreacha feabhsúcháin i 2016 a raibh sé beartaithe go dtarlódh siad mar nár críochnaíodh an próiseas tairisceana in am. Bhí an meastachán a cuireadh ar fáil le haghaidh 2016 bunaithe ar thús a bheith á chur leis an gcéim is déine den tionscadal ó thaobh acmhainní de (Obair feabhais a dhéanamh ar an Taobh Thoir den Inis) sa dara leath den bhliain. Chuir Comhairle Contae Chorcaí, agus í ag gníomhú thar ceann an Aire agus na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, síneadh leis an tréimhse tairisceana. Tá an próiseas tairisceana críochnaithe anois agus tá an conraitheoir rafar ar an láithreán agus tús curtha leis na hoibreacha. |

| | | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **D** | **Íocaíochtaí Díreacha** | | | | | |
| D.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 23,235 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,814) | 21,421 | 21,388 | 22,305 |
| D.2 | Riarachán - Neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 8,919 | | | |
| | | *Forlíontach* | (164) | 8,755 | 7,978 | 8,624 |
| D.3 | Tacaíochtaí ioncaim agus margaidh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 12,351 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,000) | 9,351 | 8,230 | 89,156 |
| D.4 | Tacaíochtaí ioncaim i gceantair faoi mhíbhuntáiste | | | 202,000 | 206,467 | 205,906 |
| D.5 | Seirbhísí eile | | | 97 | 70 | 72 |
| D.6 | An Scéim um Iasachtaí Tacaíochta Airgid Talmhaíochta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | — | | | |
| | | *Forlíontach* | 13,915 | 13,915 | 13,914 | |
| | | | | **255,539** | **258,047** | **326,063** |

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an t-ollchaiteachas maidir le Clár D €14.23 milliún mór ná mar a bhí tuartha. Tharla sin go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán – pá | 1,847 | Tharla coigilteas ós rud é nach ndearnadh oiread dul chun cinn leis an earcú beartaithe agus a bhíothas ag súil leis. |
| Riarachán - neamhphá | 941 | Tharla coigilteas ós rud é nach ndeachaigh na costais i méid oiread agus a bhíothas ag súil leis. |
| Tacaíochtaí ioncaim agus margaíochta | 4,121 | Tharla coigilteas ar luach €3 mhilliún mar gheall ar leibhéal níos ísle gníomhaíochta idirghabhála a raibh de thoradh air coigilteas maidir le costais ghaolmhara theicniúla, stórála, láimhseála agus mhaoinithe.<br><br>Tharla tearc-chaitheamh freisin ar luach €1.4 milliún ós rud é nár theastaigh na cistí a fuarthas do thosú atógáil Scéim Aitheanta Dáileachtaí Talún (SADT) i 2016. Is é atá i SADT ná scéim bhainistíochta talaimh na Roinne, a bhuntacaíonn leis na híocaíochtaí do scéimeanna talamhbhunaithe, leithéidí Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí (SÍB) agus Glasú agus Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha (LSN). Cé go raibh obair á déanamh ó thús deireadh 2016 chun an córas a fheabhsú, ní raibh a oiread dul chun cinn déanta faoi dheireadh na bliana agus a bhíothas ag súil leis agus, dá bhrí sin, ní raibh gá leis na cistí. |
| Iasacht Tacaíochta Talmhaíochta Sreabhadh Airgid | (13,914) | Scéim nua ab ea an "Scéim um Iasacht Tacaíochta Talmhaíochta Sreabhadh Airgid" in 2016 agus forbraíodh í i gcomhar le Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (SBCI). Faoin scéim seo, cuireadh €150 milliún ar fáil d'fheirmeoirí ar ráta úis 2.95%. Sa Scéim sin, maolaítear buille an athraithe sa ráta malairte sterling agus ísliú phraghsanna na n-earraí i roinnt earnálacha talmhaíochta. Cuirtear caipiteal oibre ar fáil d'fheirmeoirí ar bhealach solúbtha agus ar chostas íseal. Cuirfidh seo ar a gcumas an chuid is costasaí d'fhiacha gearrthéarmacha a íoc, rud a chinnteoidh inmharthanacht leanúnach airgeadais fiontar inmharthana feirmeoireachta. Úsáideann SBCI an €25 milliún de mhaoiniú poiblí a chuirtear ar fáil, comhdhéanta de ranníocaíocht €14m DAFM agus €11m ón AE, 'cúnamh coigeartaithe eisceachtúil le haghaidh feirmeoirí bainne agus feirmeoirí eile beostoic' chun an maoiniú iomlán a ghiaráil leis na bainc rannpháirteacha. |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí-i-gcabhair**

| | | Fo-cheannteideal | 2016 Measta | 2016 Réadaithe | 2015 Réadaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| | ***Riarachán*** | | | | |
| 1. | Aisghabháil ar thuarastal, srl. ar oifigigh ar iasacht chuig comhlachtaí lasmuigh | | 600 | 715 | 617 |
| 2. | Éarlais agus urrúis forghéillte faoi idirghabháil AE, aisíocaíocht onnmhairithe, srl. socruithe | | 1 | 117 | 32 |
| 3. | Aisíocaíochtaí ó tháillí tréidliachta do sheirbhísí cigireachta ag monarchana éanlaithe agus monarchana feola eile | B.3 | 14,892 | 18,382 | 18,171 |
| 4. | Fáltais ó tháillí cigireachta tréidliachta d'onnmhairithe beo | B.3 | 997 | 883 | 924 |
| 5. | Fáltais ó tháillí do sheirbhísí cigireachta ar áitribh déiríochta | B.3 | 5,250 | 6,800 | 6,459 |
| | ***Seirbhísí eile*** | | | | |
| 6. | Fáltais ó dhíol vacsaíní, beostoc, táirgí feirmeoireachta, etc. ag Saotharlann Taighde Tréidliachta agus feirm i mBaile an Aba; aisghabháil ar chostais choraintín in Inis Píc | B.3 | 800 | 709 | 698 |
| 7. | Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhnithe, táillí ceadúnais, lotnaidicídí, táillí clárúcháin etc, agus táillí ó fheirm Bhacastúin | A.3 | 1,903 | 2,610 | 2,404 |
| 8. | Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeora i dtreo an chostais a bhaineann leis an ngalar buaibheach a dhíothú | B.3 | 5,000 | 6,492 | 6,528 |
| 9. | Fáltais ó Choimisiún na talún | | 357 | 595 | 889 |
| 10. | Fáltais eile | | 1,615 | 2,600 | 2,071 |
| | ***Fáltais ón AE faoi rialacháin ráthaíochta EAGGF*** | | | | |
| 11. | Costais idirghabhála mhargaidh agus costais airgeadais do bhearta rannóige (Ráthaíocht) FEOGA eile | D.3 | 100 | 867 | 20 |
| 12. | Caillteanas Stoic Idirghabhála, etc. | D.3, D.5 | 1 | 725 | 1,098 |
| 13. | EAFRD (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe) | C.3,C.4 C.5,D.4 | 239,000 | 383,009 | 363,576 |
| 14. | Ciste Tréidliachta | B.3 | 11,619 | 11,320 | 13,303 |
| 15. | Fáltais ráthaíochta eile ón AE (Talmhaíocht) | D.3, D.5 | 1,738 | 1,500 | 1,654 |
| | ***Fáltais ón AE faoi rialacháin struchtúir*** | | | | |
| 16. | Fáltais ó fhíneálacha agus fhorghéillte i leith iascaigh farraige | C.7 | 100 | 187 | 775 |
| 17. | Fáltais faoin Acht Imeall Trá 1933 agus an tAcht Maoine Stáit 1954 | C.7 | 100 | 64 | 78 |
| 18. | Aisghabháil AE i ndáil le caiteachas ar iascaigh a chaomhnú agus a bhainistiú | C.7 | 1 | — | 305 |

| | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Fo-cheannteideal | | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | | | **€000** | **€000** |
| 19. | Táillí ceadúnais dobharshaothraithe | C.7 | 412 | 204 | 340 |
| 20. | Fáltais AE do CEMI | C.7 | 7,350 | — | — |
| 21. | EFF (Iascaigh) 2007-2013 | C.7 | 500 | 3,148 | 2,943 |
| 22. | Fáltais ó Chórais Bhia Inbhuanaithe na hÉireann | | 100 | 85 | 47 |
| 23. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ó luach saothair seirbhíse poiblí | | 14,005 | 12,135 | 15,751 |
| | **Iomlán** | | **306,441** | **453,147** | **438,683** |

**Míniú ar athraithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gach teideal ina raibh an toradh éagsúil ón tsuim mheasta tar éis aon choigeartú meastacháin fhorlíontaigh de níos mó ná €100,000 agus níos mó ná 5%.

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Aisghabháil ar thuarastal, srl. ar oifigigh ar iasacht chuig comhlachtaí lasmuigh | (115) | Bhí an forchúiteamh níos mó ná mar a measadh mar gheall ar fháltais suimeanna a bhí dlite i 2015 ag tús 2016. |
| Éarlais agus urrúis forghéillte faoi idirghabháil AE, aisíocaíocht onnmhairithe, srl. socruithe | (116) | Fuarthas níos mó ioncaim ná mar a measadh mar gheall ar nádúr athraitheach na bhforghéilltí ar urrúis cheadúnais. Déantar soláthar meastacháin comharthach. |
| Aisíocaíochtaí ó tháillí tréidliachta do sheirbhísí cigireachta ag monarchana éanlaithe agus monarchana feola eile | (3,490) | Is é is cúis leis an admháil a bheith níos costasaí ná mar a bhíothas ag súil leis ná go bhfuil méadú ar fhigiúirí maraithe eallaí/caorach/éanlaithe, agus go bhfuil béim ag na rannóga ar tháillí neamhíoctha atá dlite. |
| Fáltais ó tháillí cigireachta tréidliachta d'onnmhairithe beo | 114 | Ní raibh trádáil na n-eallach beo chomh beoga in 2016 agus a bhí blianta roimhe sin, de bharr go bhfuil laghdú ar éileamh ar eallaigh na hÉireann san Ísiltír. |
| Fáltais ó tháillí do sheirbhísí cigireachta ar áitribh déiríochta | (1,550) | Faoin Acht Bainne (Forálacha Ilghnéitheacha), 1979, gearrtar táille €0.001 an lítear as an uile bhainne a úsáidtear chun déantúsaíochta nó a réitítear chun óil. Fuarthas níos mó ná a bhíothas ag súil leis de bharr méadú a theacht ar an méid bainne a táirgeadh/próiseáladh tar éis deireadh a chur leis an scéim cuóta bainne. |
| Admhálacha ó tháillí tástála síl, táillí deimhnithe, táillí ceadúnaithe, lotnaidicídí, táillí clárúcháin, etc. agus admhálacha ó Fheirm Bhacastúin | (707) | Bhí farasbarr ann de bharr tosca éagsúla. Is iad sin: mhair an t-iarratas ar Tháillí Trádála Monarchan ar feadh bliain iomlán seachas sé mhí mar a tuaradh ag tús na bliana. Cuireadh sonrasc chuig roinnt comhlachtaí le haghaidh táillí gránaigh amach sa bhliain 2015 agus ní bhfuarthas airgead faoina gcomhair go dtí 2016. Lena chois sin, bhí ranníocaíocht aon uaire ann a bhain le barraíocht táillí clárúcháin a bheith ar chosaint monarchana agus ar earraí bithicíde. Braitheann na hadmhálacha ar thosca seachtracha tráchtála. |
| Admhálacha ó ranníocaíochtaí feirmeoirí chun an costas a bhaineann le galar bólachta a chur de dhroim seoil a ghlanadh | (1,492) | Tá an Roinn tar éis a bheith an-ghníomhach maidir le dul sa tóir ar dhaoine chun fiacha gan íoc a íoc i leith tobhaigh dhéiríochta, marú ainmhithe agus easpórtálacha bólachta le linn 2016 agus tá dul chun cinn an-suntasach déanta maidir le fuílleach na méideanna dlite sin a fháil. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Admhálacha Choimisiún na Talún | (238) | Tharla an leibhéal níos airde fáltas mar gheall ar iarrachtaí méadaithe chun riaráistí blianachta do cheannach talún a bhailiú trí mheán litreacha meabhrúcháin agus fritháireamh breise in aghaidh deontas feirme atá dlite; spreag éilimh ar íocaíocht blianachtaí luathfhuascailt chuntas agus lóisteáil fháltas ó dhíol iarthailte iontaobhais. |
| Admhálacha eile | (985) | Bhí admháil aon uaire €500,000 ann i ndáil le dleachta a tuilleadh ag EXPO 2016. Lena chois sin, fuarthas €150,000 ón Cónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann. Baineann na hadmhálacha seo le haisghabháil na gcostas breise a ghabhann le bileoga Imeachtaí Ainmhithe chun laonna a chlárú. Braitheann an méid aisghabhála ar an méid laonna a gcláraítear a mbreith. |
| Costais Idirghabhála Margaidh agus costais Airgeadais le haghaidh bearta eile roinne de chuid an FEOGA (Barántas) | (767) | Bhí leibhéal níos airde de cheannach bainne bhearrtha ann i réimse na hIdirghabhála, arbh é a bhí mar thoradh air leibhéil níos airde de chostais ghaolmhara ab fhéidir a fháil ar ais ón AE. |
| Caillteanais stoic idirghabhála, etc | (724) | Ba éard ba chúis le hathraitheas €724,000 a bheith ann ná an t-imréiteach a rinne an An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta ar na cuntais, áit a gceadaítear 20% de na Neamhrialtachtaí a bailíodh a choinneáil. Braitheann an leibhéal coinneála ar fhiacha a bailíodh agus is deacair é a thuar. |
| EAFRD (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe) | (144,009) | Ba é ba mhó ba chúis leis an athraitheas ar admhálacha an EAFRD ná an t-am ar dúnadh an An Clár um Fhorbairt Tuaithe go foirmeálta, clár a bhí ann ó 2007 - 2013, agus, ina dhiaidh sin, 5% d'admhálacha a bheith á scaoileadh ag an AE go dtí gur dúnadh go foirmeálta é. |
| Admhálacha eile Barántais ón AE (Talmhaíocht) | 238 | Tharla an t-athraitheas mar gheall ar ghlacadh le scéim bhainne na scoileanna a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis chomh maith le leithdháileadh níos ísle do scéim thorthaí na scoileanna. Ina theannta sin fuarthas níos lú fáltas infhorchúitithe ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Táillí ceadúnais uisceshaothraithe | 208 | Is léiriú é an t-athraitheas sa chás seo ar fheabhas leanúnach na bpróiseas bainistíochta fiach, arb é atá mar thoradh air gur imréitíodh níos mó cuntas in 2016. |
| Fáltais an AE do CEMI | 7,350 | Níor tharla cur éilimh faoi bhráid Choimisiún an AE le linn 2016, faoi mar a bhíothas ag súil leis. Cuirfear éileamh níos mó faoi bhráid an Choimisiún i 2017. |
| EFF (Iascach) 2007-2013 | (2,648) | I mBuiséad 2016, bhíothas ag súil le hadmhálacha €500,000 ón An Ciste Eorpach Iascaigh. Bhí sé seo bunaithe ar an toimhde go leagfaí éileamh faoi bhráid an Choimisiúin agus go n-íocfaí é roimhe dheireadh 2015. Ós rud é nár tharla sin, tá san áireamh sna fáltais i 2016 ar luach €3.148 milliún an t-éileamh ó 2015 a fuarthas i 2016. |
| Admhálacha AE CEMI (uisceshaothrú agus forbairt) | 1,870 | Léiríonn an laghdú ar an méid PRD a bailíodh an laghdú leanúnach ar chostais phárolla. |

**4.2 Fáltais Bhreise le hÍoc leis an Státchiste**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 206 | 54 |
| Costais dlí | 20 | 19 |
| Ranníocaíochtaí pinsin Bhord Bia | — | 2 |
| Géilleadh deonach thuarastail Aire | 1 | — |
| Ró-íocaíochtaí ó scéimeanna AE a dícheadaíodh | 2,929 | — |
| Caipiteal Choimisiún na Talún | 8,836 | — |
| Airgead coinsiasa | — | 1 |
| Aisíocaíocht iomarcaíochta ag iar-fhostaí Bhord Bainne Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí. | — | 13 |
| Forghéilleadh fáltas ilghnéitheach | — | 2 |
| Forghéilleadh seiceanna EAGF roimh 2001 nár briseadh | — | 205 |
| Aistrithe chuig an Stát Chiste | (11,992) | (90) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | — | 206 |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

Baineann an fhaisnéis a leanas faoi líon fostaithe agus pá leis an Roinn agus a gcuid comhlachas gaolmhar Stáit.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon Foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | 4,421 | 4,383 |

| | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 204,687 | 205,321 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 1,249 | 1,306 |
| Liúntais eile | 1,930 | 2,286 |
| Ragobair | 3,302 | 3,480 |
| Liúntais Seala Oibre | 510 | 516 |
| ÁSPC an Fhostóra | 11,072 | 10,871 |
| **Pá iomlán** | **222,750** | **223,780** |

Ní bhaineann na sonraí liúntais, ragoibre agus sonraí eile luach saothair i nóta 5.1, 5.2, 5.3 agus 5.4 thíos ach le foireann na Roinne amháin, a íoctar go díreach ón Vóta faoi chláir A go D. Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le socruithe luach saothair chomhlachtaí gaolmhara na Roinne ar fáil ó na tuarascálacha bliantúla ábhartha nó go díreach ó na comhlachtaí ábhartha Stáit.

Aistríodh feidhm thuarastal na Roinne chuig na Seirbhísí Comhroinnte Párolla i Mí na Samhna 2016. Do chuspóirí Nóta 5, tá an Roinn tar éis glacadh le modh aicmithe luach saothair bhreise SCPR. Dearbhaíodh figiúirí 2015 de réir an mhodha sin do chuspóirí comparáideacha.

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragobair

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht uasta aonair<br>2016<br>€ | Íocaíocht uasta aonair<br>2015<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 99 | 4 | 10,982 | 11,404 |
| Liúntais Seala Oibre | 67 | 15 | 19,146 | 19,888 |
| Liúntais eile | 633 | 3 | 18,696 | 20,836 |
| Ragobair | 750 | 81 | 31,806 | 29,617 |
| Luach saothair bhreise i níos mó ná catagóir amháin | 311 | 103 | 35,113 | 37,693 |

**5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair**

Íocadh líon iomlán de €1,346,057 le 57 státseirbhíseach a bhí ar scor atá ag fáil pinsean na státseirbhíse, agus a hathfhostaíodh ar bhonn táille. homhlíon na táillí a íocadh prionsabail Acht (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 Pinsin na Seirbhíse Poiblí.

**5.3 Ró-íocaíochtaí Párolla**

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €508,254 (349 cás) (2015: €551,565, 345 cás). As an méid sin, tá pleananna aisghabhála ar bun do, €207,608 (86 cás).

**5.4 Dámhachtainí Scaoilíocaíochta**

Ba é costas iomlán na ndámhachtainí scaoilíocaíochta a íocadh do 9 iarbhall foirne de chuid an Aire tar éis chríochnú a bhfostaíochta i 2016 ná €239,480 (2015 faic).

# 6 Ilghnéitheach

**6.1 Maoiniú ón AE**

Thug rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 1290/2005 isteach an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT). Maoiníonn ciste CERT íocaíochtaí díreacha agus tacaí. Margaidh, agus cómhaoiníonn CETFT bearta forbartha tuaithe faoi chláir fhaofa forbartha tuaithe. I Mí na Bealtaine 2016 ghlac an AE go foirmeálta le Clár nua CETFT 2015-2020 le haghaidh na hÉireann, agus scoireadh d'incháilitheacht chaiteachais faoi CETFT 2007-2013 ag 31 Nollaig 2016.

Áirítear ar ghníomhaíochtaí na Roinne bearta atá maoinithe go hiomlán ag an EAGF agus gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an EAFRD agus ón Vóta.

Cuimsíonn Cláir C agus D caiteachas maidir le gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ag an AE trí mheán EAFRD. Cuimsíonn Clár C freisin caiteachas maidir le gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ó Chiste Tréidliachta an AE. Cuimsíonn Clár C caiteachas maidir le gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ag an AE trí mheán na hIonstraime Airgeadais um Threoraíocht Iascaigh, 2000-2006 (FIFG) agus ag an gCiste Eorpach Iascaigh, 2007-2013 (EFF). Tá san áireamh i gClár D muirear don Vóta ar luach €544,000 do Mhaoiniú AE a dícheadaíodh mar gheall ar theip maidir le spriocdhátaí íocaíochtaí a chomhlíonadh do scéimeanna.

Áirítear ar an gCuntas ús de €391,000 a íoctar ar iasachtaí gearrthréimhseacha €599 milliún a fuarthas ar iasacht in 2015 chun caiteachas Ráthaíochta EAGF a mhaoiniú ag feitheamh ar aisíocaíocht ón AE. Aisíocadh na hiasachtaí in 2016 mar aon le hús.

Fuarthas €770 milliún ar iasacht i gcistí gearrthréimhseacha in 2016 chun caiteachas EAGF Ráthaíochta a mhaoiniú ag feitheamh ar aisíocaíocht AE in 2017. Ní léirítear na hiasachtaí seo i Nóta 2.

**Ioncam agus caiteachas a mhaoinítear ag an AE agus a bhainistítear ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara**

| **Cláir a bhainistítear ag an Roinn** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€m** | **€m** |
| Scéim Íocaíochta Dírí/ Íocaíochta Aonair | 1,300 | 1,133 |
| Idirghabháil/Cúnamh do Stóráil Phríobháideach | 3 | 13 |
| Tacaí eile margaidh | 7 | 5 |
| Forthobhach Bainne | — | (71) |
| Eile | (61) | (5) |
| Clár forbartha tuaithe EAFRD | 383 | 364 |
| Ciste Tréidliachta | 11 | 13 |
| Fáltais cómhaoinithe eile | 4 | 3 |
| **Iascaigh** | | |
| EFF – an Ciste Eorpach Iascaigh 2007 - 2013 | 3 | 3 |
| | 1,650 | 1,458 |

[a] Níl ach cómhaoiniú AE ar na cláir sin le feiceáil sa tábla seo.

*Réamh-mhaoiniú EMFF €3m faighte in 2016 nár tugadh admháil lena aghaidh do leithreasaí-i-gcabhair.

**6.2 GLAS**

Tugadh an Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta (GLAS) isteach i mBealtaine na bliana 2015. Úsáideadh córas láimhe chun an chéad bhaisc d'íocaíochtaí a dhéanamh mar nach raibh an córas TF, a bhí mar thaca ag an gcóras, ag feidhmiú mar is ceart fós. Bhí an córas láimhe easnamhach, rud a d'fhág gur íocadh an iomarca le roinnt daoine agus tugadh an méid sin ar aird i gcuntas leithreasa na bliana 2015. Bhí córas áirimh íocaíochta GLAS, a bhí ag feidhmiú mar is ceart, i bhfeidhm chun íocaíochtaí iarmhéide 2015 a phróiseáil agus bhí san áireamh leis an bpróiseáil seo, réiteach na réamhíocaíochtaí a rinneadh in 2015 agus aon ró-íocaíochtaí a rinneadh a fháil ar ais mar chuid de réamhíocaíochtaí 2015. Is é méid na ró-íocaíochtaí gan íoc a bhaineann leis an gceist seo ag deireadh 2016 ná €11,324. Cuirtear ró-íocaíochtaí neamhíoctha in airde ar chóras lárnach cuntas na Roinne ionas gur féidir iad a fháil ar ais agus íocaíochtaí eile scéime á ndéanamh, lena n-áirítear tuilleadh íocaíochtaí GLAS.

**6.3 Ró-íocaíochtaí**

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Ró-íocaíochtaí scéime ag 1 Eanáir | 3,254 | 3,022 |
| Coigeartú maidir leis an Scéim Luathscoir | (26) | (20) |
| Ró-íocaíochtaí a ardaíodh i rith na bliana | 9,438 | 8,701 |
| Ceartúcháin | (1,269) | (1,070) |
| Aisghabhálacha | (8,593) | (7,016) |
| Díscríobh (nóta 6.4) | (248) | (363) |
| Ró-íocaíochtaí scéime amhail an 31 Nollaig | 2,556 | 3,254 |

**6.4 Díscríobh**

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas faoi chead leithroinnt na Roinne Airgeadais:

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Scéim:** | | |
| Luathscor ó fheirmeoireacht | 41,246 | 7,098 |
| Scéimeanna foraoisithe | 29,946 | 2,664 |
| Préimheanna AE ilghnéitheacha agus Scéimeanna Limistéar-Bhunaithe | 177,178 | 34,207 |
| Scéim Feabhsúcháin Fheirme PNF | — | 208,664 |
| An Scéim Bhithfhuinnimh | — | 90,446 |
| Préimheanna Vóta ilghnéitheacha | — | 20,368 |
| | 248,370 | 363,447 |
| **Eile:** | | |
| Táillí cigireachta Tréidliachta gan íoc ag cuideachtaí a thuilleadh i mbun gnó | 10,572 | 24,531 |
| Ús deireanach díscríofa | 7,914 | — |
| Ró-íocaíochtaí tuarastail | 27,731 | — |
| Fáthanna eile | 8,669 | 48 |
| | 54,886 | 24,579 |

**6.5 Costais Dlí agus Cúiteamh**

Tá coatais dlí íoctha sa bhlain catagóirithe mar leanas:

| | | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dhlíthiúla arna n-íoc ag an Roinn** | **Costais dhlíthiúla arna ndámhachtain** | **Cúiteamh a dámhadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh a rinne fostaithe an Vóta** | 4 | — | — | 33 | 33 | 885 |
| **Éilimh ag baill den phobal** | 16 | 35 | 749 | 174 | 958 | 451 |
| | 20 | 35 | 749 | 207 | 991 | 1,336 |

**6.6 Dliteanas Teagmhasach**

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Ní fios cé mhéad dliteanas teagmhasach a bheadh ann ná cén t-am a mbeidís ann.

De bhun cinneadh a rinneadh an Rialtas an 14 Meitheamh 2011, ghlac an tAire ceannas ar obair feabhsúcháin an láithreáin ar Inis Sionnach. Ina dhiaidh sin, rinne an Rialtas cinneadh eile an 28 Bealtaine 2015 agus cheadaigh buiséad iomlán scéime €61m do na hoibreacha feabhsúcháin. Cheadaigh socrú breise Rialtais ó 9 Bealtaine 2017 soláthar €27 milliún, den bhunbhuiséad, i dtreo fheabhsúchán chonradh feabhsúcháin na Rinne Thoir do 2017 agus do 2018. Tá tús curtha leis na hoibreacha anois.

Scéim nua a bhí sa ´´Scéim um Iasachtaí Tacaíochta Airgid Talmhaíochta´´ i 2016 a forbraíodh i gcomhar le Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ), a chuir €150 milliún ar fáil d´fheirmeoirí ag rátaí úis de 2.95%. Maolaíonn an scéim iarmhairt an athraithe i ráta malairte an phuint steirling agus praghsanna níos ísle tráchtearraí i roinnt earnálacha talmhaíochta, ag soláthar foinse sholúbtha agus ar chostas íseal caipitil oibre, a chuirfidh ar a gcumas cineálacha níos daoire féich ghearrthéarmaigh a íoc, rud a chinnteoidh inbhuanaitheacht leanúnach airgeadais fhiontar inmharthana feirmeoireachta. Baineann CBSÉ úsáid as an tsuim de €25 milliún de mhaoiniú poiblí a sholáthraítear, ag cuimsiú €14 milliún i ranníocaíocht na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus €11 milliún ó chúnamh coigeartaithe eisceachtúil an AE d´fheirmeoirí bainne agus d´fheirmeoirí eile beostoic chun an ciste iomlán a ghiaráil leis na bainc rannpháirteacha, chun ráta fabhrach úis a chinntiú do na feirmeoirí rannpháirteacha sin atá ag baint leasa as an scéim agus chun maolú a dhéanamh ar dhrochfhiacha (iasachtaí neamhíoctha) a d´fhéadfadh teacht chun cinn sa todhchaí do na bainc rannpháirteacha.

Tá an méid a bhfuil an Roinn neamhchosanta air teoranta do ranníocaíocht na Roinne ar luach €14 milliún a rinneadh i 2016.

**6.7 Deontais un Chabhair Bia**

Is é atá sa Chlár Domhanda Bia an eagraíocht cúnaimh bhia de chuid na Náisiún Aontaithe agus oibríonn sé ar bhonn ranníocaíochtaí deonacha a ghealltar go neamhrialta. Cuireann an clár cúnamh bia ar fáil do thíortha a bhfuil acu leis, cuidíonn le tionscadail eacnamaíochta agus sóisialta a chur i bhfeidhm agus tugann faoiseamh d'íospartaigh tubaistí nádúrtha agus tubaistí eile. Tá an clár i bhfeidhm in thart ar 80 tír. €38.436 milliún a bhí i rannchuidiú na hÉireann leis an gclár Domhanda Bia i 2016 (2015: €18.476 milliún). I bhfianaise na héigeandála sa tSiria, ghéill an Roinn d'iarraidh phráinneach ón Chlár Domhanda Bia go ndéanfaí an ranníocaíocht atá dlite in 2017 a chur ar fáil go luath in 2016.

Is é an Coinbhinsiún um Chúnamh Bia an príomhchomhaontú idirnáisiúnta ar sholáthar cúnaimh bhia agus fónann sé mar chód iompair sárchleachtais agus mar ghealltanas bliantúil maidir le cúnamh bia. An clár Domhanda Bia a choimeádann cúnamh arna dheonadh faoin gCoinbhinsiún agus baintear úsáid as chun cúnamh a sholáthar i gcúinsí éigeandála. €1.564 milliún a bhí i rannchuidiú na hÉireann leis an gCoinbhinsiún um Chúnamh Bia i 2016 (2015: €1.524 milliún).

**6.8 Íocaíochtaí Ex-Gratia**

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de €2,487,500 le 137 eagraíocht leasa ainmhithe (2015: €2,620,050).

Rinneadh íocaíocht ex-gratia €12,500 agus €14,500 faoi seach le beirt fheirmeoirí ar mholadh ó Oifig an Ombudsman agus baineann le hiarratas a rinneadh faoin Scéim Feabhais Feirme i nDeireadh Fómhair 2007.

Rinneadh íocaíocht ex-gratia €30,000.00 le hospidéal eachaí i dtreo chostas coraintín a bhain le briseadh amach ainéime thógálach eachaí in 2006.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia le roinnt eagraíochtaí i dtreo seónna talmhaíochta éagsúla a reáchtáil, mar seo a leanas:

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cumann Seónna na hÉireann Teo. | 80,000 | 85,000 |
| Macra na Feirme | 34,000 | 34,000 |
| Bantracht na Tuaithe | 9,000 | 9,000 |
| Margaí Tuaithe na hÉireann Teo. | 6,000 | 6,000 |
| Cumann Idirnáisiúnta na nGadhar Caorach | — | 6,000 |
| Cape Clear Consulting Ltd | 3,000 | — |
| Cumann Eolaíochtí Talmhaíochta | 2,000 | 4,000 |
| Milestone Management | 1,000 | — |
| Coiste Sheó Talmhaíochta agus Gairneoireachta Dhroicead an Chaisleáin | — | 750 |

**6.9 Mírialtacht Amhrasta**

Tá tugtha chun críche an t-imscrúdú ar chaiteachas a measadh a bheith míchuí i ndáil le híocaíochtaí áirithe a rinneadh faoin scéimh chómhaoinithe comhshaoil talmhaíochta don Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe. Aithníodh caiteachas náisiúnta breis agus €130,000 a bheith ann. Tá na híocaíochtaí neamhdhlite go léir a aithníodh faighte ar ais nó á bhfáil ar ais, agus tá an scéim dúnta anois.

**6.10 Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas**

Cuimsíonn géilleadh iarchurtha coigilteas de €21.7 milliún i gcaiteachais chaipitil sna fo-cheannteidil seo a leanas.

| | | |
|---|---|---|
| A.10 | Seirbhísí eile | €1.7 m |
| C.5 | Forbairt talmhaíochta agus bhia | €15.5 m |
| C.10 | Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach | € 4.5 m |

## 7. Cuntas Ciste Rásaíochta Capall agus Con

Suimeanna na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don tréimhse go 31 Nollaig 2016

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais (focheann A.11) | 74,000 | 68,000 |
| Íocaíochtaí | | |
| Rásaíocht Capall Éireann | 59,200 | 54,400 |
| Bord na gCon | 14,800 | 13,600 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | — | — |

## Sceideal na Talún agus Foirgneamh

| **Maoine** | **Achar (Heicteáir)** |
|---|---|
| **An Cabhán** | |
| Tailte, Coláiste Teagasc, Béal Átha Éis | 17.0 |
| Plota foraoise, Dún an Rí | 0.3 |
| **Corcaigh** | |
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Ath na gCeannaithe | 56.5 |
| Inis Sionnach (lena n-áirítear droichead agus bóthar rochtana) | 45.7 |
| Saotharlann tástála Fola, Bóthar na Modh-Fheirme | — |
| Déiríochta eolaíocht saotharlainne, Bóthar na Modh-Fheirme | — |
| Saotharlann tréidliachta réigiúnach, Bóthar na Modhfheirme | — |
| Tailte, Bóthar na Modhfheirme | 2.1 |
| Plota foraoise, Baile Átha hÚlla | 1.0 |
| Plota foraoise, Bealach Eabhra | 1.6 |
| Plota foraoise, An Baile Nua | 29.7 |
| Plota foraoise, Droichead na Bandan | 1.4 |
| Plota foraoise, Dún ar Aill | 1.1 |
| Plota foraoise, Dún Mánmhaí | 0.8 |
| Plota foraoise, Cill an Mhuilinn | 0.1 |
| Plota foraoise, Cill Ia | 7.0 |
| Plota foraoise, Cill Uird | 0.8 |
| Plota foraoise, Áth Trasna | 1.5 |
| Plota foraoise, Bántír | 6.2 |
| Plota foraoise, Dúiche Ealla | 6.5 |
| Plota foraoise, Cineál Aodha | 5.9 |
| Plota foraoise, Ros Ó gCairbre | 11.0 |

| Maoine | Achar (Heicteáir) |
|---|---|
| **Dún na nGall** | |
| Saotharlann tástála prátaí, Ráth Bhoth | 78.2 |
| Ionad tástála prátaí, Ráth Bhoth | — |
| Plota foraoise, Ard an Rátha | 6.5 |
| Plota foraoise, Leitir Ceanainn | 0.2 |
| Plota foraoise, Cúil na gCuirridín | 0.4 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Plota foraoise, Coill an Chaoich | 0.7 |
| **Gaillimh** | |
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| Cill Chúile | 1.7 |
| Coill na Meille | 1.3 |
| (An) Saighleán | 1.7 |
| Ros Mór | 3.2 |
| Míleac Mór | 12.4 |
| Tailte, Coláiste Teagasc, Baile Átha an Rí | 59.0 |
| Plota foraoise, Béal Átha Ghártha | 0.5 |
| Plota foraoise, Uachtar Ard | 7.0 |
| **Ciarraí** | |
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Glanlea | 4.0 |
| Plota foraoise, Ceann Mara | 0.2 |
| Plota foraoise, Cill Airne | 1.0 |
| Plota foraoise, Cill Orglan | 28.6 |
| Plota foraoise, An Coireán | 59.0 |
| **Cill Dara** | |
| Ionad Tástála, Bacastúin | — |
| Stacumny Teachín, Bacastúin | — |
| Tailte, Bacastúin | 113.0 |
| Forest plot, Athy | 2.6 |
| Plota foraoise, Domhnach Dheá | 0.2 |
| **Cill Chainnigh** | |
| Tailte, Coláiste Chill an Dátúnaigh | 18.0 |
| **Laoise** | |
| Plota foraoise, Darú | 2.2 |
| **Liatroim** | |
| Plota foraoise, Gleann Fearna | 11.0 |
| Plota foraoise, An Damhshraith | 107.3 |
| **Luimneach** | |
| Plota foraoise, Béal an Átha | 2.7 |
| Plota foraoise, Faing | 1.8 |
| Plota foraoise, Áth Dara | 3.0 |
| Plota foraoise, Cill Fhíonáin | 9.9 |
| **An Longfort** | |
| Plota foraoise, Gránard | 0.7 |
| **Maigh Eo** | |
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Baile Mhic Craith | 12.1 |
| Plota foraoise, Béal Easa | 3.0 |
| **Uíbh Fhailí** | |
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| An Cloichreán | 8.2 |
| Baile Uí Aogáin | 44.7 |
| Plota foraoise, Tulach Mhór | 2.5 |

| **Maoine** | **Achar (Heicteáir)** |
|---|---|
| **Ros Comáin** | |
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| Cloonakilleg | 0.7 |
| Cluain Seanmhaoil | 33.0 |
| Cloonfad/Cluain Fada | 2.9 |
| Cloonboley | 4.9 |
| Cloonacolly | 21.6 |
| Cléithín | 0.6 |
| Mallynahouna | 5 |
| Cloonroughan nó Cluain Ruacháin | 21.9 |
| An Tearmann Mór | 55.3 |
| Tonrevagh | 10.8 |
| Cluain Seamhair | 18.4 |
| Clonree | 25.7 |
| Moor | 32.6 |
| Lissergool | 5.3 |
| Plota foraoise, Loch Cé | 32.0 |
| **Sligeach** | |
| Plota foraoise, Béal Trá | 141 |
| Plota foraoise, Baile Hamaltúin | 2 |
| Plota foraoise, Binn Ghulbain | 3.8 |
| Plota foraoise, Cúil Mhuine | 1.3 |
| Plota foraoise, Loch Gile | 12.1 |
| **Tiobraid Árann** | |
| Plota foraoise, Cluain Meala | 3.2 |
| Plota foraoise, Neir | 2.8 |
| Plota foraoise, Crois na Rae | 0.5 |
| Plota foraoise, Carraig na Siúire | 4 |
| Plota foraoise, An Chloichín | 1.3 |
| Plota foraoise, Cill Síoláin | 1.9 |
| **Port Láirge** | |
| Plota foraoise, Coill Mhic Thomáisín | 17.5 |
| **An Iarmhí** | |
| Plota foraoise, Baile na gCros | 1 |
| Plota foraoise, Loch Ainninn | 14.5 |
| **Loch Garman** | |
| Plota foraoise, Fotharta | 4.8 |
| Plota foraoise, Guaire | 11.1 |
| **Cill Mhantáin** | |
| Plota foraoise, Ballinahinch | 60.7 |
| Plota foraoise, Gleann Ó Máil | 3.0 |
| Plota foraoise, An Coireán | 0.2 |
| Plota foraoise, Abhainn Mhór | 1.0 |
| Plota foraoise, Áth na Sceire | 4.0 |
| Plota foraoise, Gleann Dá Loch | 7.6 |
| Plota foraoise, Teach Sagard | 1.4 |

**Maoin ag Cuanta Iascaigh**

Lena gcois sin, tá talamh agus foirgnimh ag sé cinn d'ionaid iascaigh cuain a dhílsítear don Aire. Tá cuntas ar leith orthu sin i gcuntas Chiste na gCuan Iascaigh.